Submission 240
An Bacus

Priomhbhuarthai An Bácús i dtaca le dréacht an Choimisiun um Cheat-ta an Duine don Bhille Cheart

Moltai An Bácús i dtaca le dréacht Choimisiún Um Chearta an Duine den Bhille Cheart.

- **Iarraimid ar an Choimisiúin an dréacht a leasú chun tosca speisialta na Gaeilge a chur san áireamh: tábhacht na teanga don féiniúlacht agus don chomhurraim ag cuid mhór den phobal (idir Gaeilgeoiri agus Bhéarlóirí) agus ról lárnach cheist aitheantas na Gaeilge i bpróiseas na síochána.**
- **De bhreis ar an aitheantas seo a thabhairt do thosca speisialta na Gaeilge,ba choir don Choimisiun filleadh ar an chaighdeán idirnáisiúnta a bhaineannleis an fhreastal stáit atá dlite do theangacha dúchais agus teangacha na mionlach eitneach faoi seach**
- **Ba choir don Choimisiun reachtaiocht bhreise don Ghaeilge a iarraidh ar an rialtas, reachtaiocht a bheadh chomh fairsing agus chomh cuimsitheach le hAcht na Breathnaise sa Bhreatain agus le hAcht na Gaeilge sa deisceart.**
- **Ba choir go mbeadh sé de dhualgas ar an Rialtas an reachtaiocht sin a achtú taobh istigh de thréimhse thri bliana i ndiaidh foilsiú an Bhille Cheart.**
- **Ba choir Fear Pobail don Ghaeilge a cheapadh**
- **Ba chóir riachtanais lucht na Gaeilge a léiriú ar dhóigh níos soiléire mar slánchuid de gach mholadh atá á dhéanamh ag an Choimisiun**